C/2025/5008

12.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5008)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Miel de La Alcarria'

PDO-ES-0079-AM01 — 20.6.2025

1. **Ainm an táirge**

'Miel de La Alcarria'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Aireacht Talmhaíochta, Uisce agus Forbartha Tuaithe na Caistíle-La Mancha

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an bhfáth a dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143:

Maidir leis na leasuithe a thuairiscítear agus a mhínítear thíos, níl athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar úsáid an ainm sin i gceist leo. Níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní nó níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo. Dá bhrí sin, is 'leasuithe caighdeánacha' iad de réir bhrí Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Oibleagáid maidir le hiontráil sna cláir*

Sainíodh na cláir nach mór na hoibreoirí éagsúla a shainaithnítear sa tsonraíocht táirge a iontráil iontu.

Baineann an leasú le Roinn B, 'Tuairisc ar an táirge', Roinn C, 'Limistéar geografach', agus Roinn E, 'Modh táirgthe', den tsonraíocht táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú beag ar pharaiméadair pailine*

Baineann an leasú sin leis an roinn 'Tuairisc ar an táirge' den tsonraíocht.

(1) Saintréithe fisiceimiceacha:

Leasaíodh an paraiméadar hiodrocsaimeitiolfúrfúrail — ≤ 15 a bhí ann roimhe sin, ≤ 18 atá ann anois

(2) Saintréithe pailine:

Leasaíodh paraiméadar chéatadán an ghráin pailine.

Mil aonbhlátha maróis: ≥ 15 % a bhí ann roimhe sin, ≥ 12 % atá ann anois.

Mil ilbhláthanna: ≥ 5 % a bhí ann roimhe sin, ≥ 3 % atá ann anois.

Leasaíodh na céatadáin sa tábla 'CINEÁL PAILINE'.

An céatadán de ghráinní pailine plandaí den fhine *Ericaceae*, cé is moite de lus na stalóg coiteann — ≤ 1 % a bhí ann roimhe sin, ≤ 4 % atá ann anois.

Céatadán de ghráinní pailine an ghrianróis súildonn — ≤ 3 % a bhí ann roimhe sin, ≤ 4 % atá ann anois.

Céatadán de ghráinní pailine an labhandair Fhrancaigh — ≤ 3 % a bhí ann roimhe sin, ≤ 4 % atá ann anois.

Céatadán iomlán de ghráinní pailine plandaí neamh-ornáideacha, seachas plandaí aramatacha, a shaothraítear sa limistéar táirgeachta — ≤ 15 % a bhí ann roimhe sin, ≤ 17 % atá ann anois.

Céatadán de ghráinní pailine lusanna na gréine — ≤ 15 % a bhí ann roimhe sin, ≤ 17 % atá ann anois.

Leasaíodh na céatadáin pailine mar thoradh ar an athrú aeráide. Mar gheall ar na hathruithe tobanna ar an teocht, níl na leibhéil pailine sa mhil chomh hard leis na leibhéil a bhíodh inti.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú eagarthóireachta*

Baineann an leasú sin leis an roinn 'limistéar geografach', den tsonraíocht táirge.

Cuireadh téacs nua in ionad an téacs seo a leanas i Roinn C:

Cuireadh an frása 'le linn na tréimhse táirgthe' leis an tuairisc ar an limistéar ina bhfuil na coirceoga beach suite laistigh de limistéar geografach La Alcarria.

Cuireadh an frása sin isteach ionas gur féidir, le linn na tréimhse ina roinntear na coilíneachtaí chun aon chaillteanas a tharla le linn na bliana táirgthe a chumhdach, na coirceoga a thógáil amach as an limistéar geografach agus iad a thabhairt chuig limistéir níos teo. Fágann sé sin gur féidir an líon coirceog a choinneáil ar bun le haghaidh na bliana táirgthe dár gcionn.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú eagarthóireachta*

Cuireadh téacs nua in ionad an téacs seo a leanas i Roinn D:

Cuireadh an frása 'le linn na tréimhse táirgthe' leis an roinn maidir leis an mil a fháil agus í á ceannach ar an mórchóir, agus aird á tarraingt ar an bhfíoras go n-aistrítear na coirceoga ar ais chuig an limistéar geografach roimh an tréimhse táirgthe.

Cuireadh an frása sin isteach ionas gur féidir, le linn na tréimhse ina roinntear na coilíneachtaí chun aon chaillteanas a tharla le linn na bliana táirgthe a chumhdach, na coirceoga a thógáil amach as an limistéar geografach agus iad a thabhairt chuig limistéir níos teo. Fágann sé sin gur féidir an líon coirceog a choinneáil ar bun le haghaidh na bliana táirgthe dár gcionn.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Miel de La Alcarria'

Uimh. AE: PDO-ES-0079-AM01 — 20.6.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm (nó ainmneacha) (an ATFC nó an TGFC)**

'Miel de La Alcarria'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0409 — Mil nádúrtha

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

MIL: An tsubstaint mhilis nádúrtha a tháirgeann na beacha *Apis mellifera* ó neachtar plandaí nó ó thál codanna beo de phlandaí nó ó eisfhearadh feithidí súphlandacha ar na codanna beo de phlandaí, a bhailíonn na beacha, agus a athraíonn siad trína substaintí sonracha féin a chur léi, trí í a fhosú, a dhíhiodráitiú, a stóráil agus a fhágáil i gcíor mheala go n-aibíonn sí.

Táirgtear na cineálacha meala cosanta seo a leanas:

— Mil aonbhlátha maróis (*Rosmarinus officinalis* L.)

— Mil aonbhlátha labhandair (*Lavandula latifolia Medicus*)

— Mil ilbhláthanna.

Tráth a pacála, bíonn na saintréithe seo a leanas inti:

1. Saintréithe fisiceimiceacha:

Cion taise: 17,5 %

Hiodrocsaimeitiolfúrfúral: 18 mg/kg

Saoraigéadacht: 35 meq/kg

Seoltacht leictreach: 0,62 mS/cm

Dathmhéadracht an mharóis: ≤ 35 mm Pfund

Dathmhéadracht an labhandair: ≤ 60 mm Pfund

Dathmhéadracht ilbhláthanna: 35-90 mm Pfund

2. Saintréithe pailine:

Mil aonbhlátha labhandair: > 10 % pailin labhandair (*Lavandula latifolia*, *Lavandula vera* agus a gcuid hibridí nádúrtha)

Mil aonbhlátha maróis: ≥ 12 % pailin maróis (*Rosmarinus officinalis*)

Mil ilbhláthanna: ní mór suim chéatadáin na ngráinní ón bhfine *Labiatae* a bheith ≥ 3 %.
Ina theannta sin, ní mór na ceanglais seo a leanas a bhaineann le pailin a chomhlíonadh freisin.

Ní mór an céatadán de ghráinní pailine plandaí den fhine *Ericaceae*, cé is moite de lus na stalóg coiteann (*Arctostaphylos uva-ursi* L. Sprengel) a bheith ≤ 4 %.

Ní mór an céatadán de ghráinní pailine an ghrianróis súildonn (*Cistus ladanifer* L.) a bheith ≤ 4 %.

Ní mór an céatadán de ghráinní pailine an labhandair Fhrancaigh (*Lavandula stoechas* L.) a bheith ≤ 4 %.

Ní mór céatadán iomlán de ghráinní pailine ó phlandaí neamh-ornáideacha, seachas plandaí aramatacha, a shaothraítear sa limistéar táirgeachta a bheith ≤ 17 % lus na gréine + 17 % plandaí neamh-ornáideacha eile.

3. Tréithe orgánaileipteacha:

Ní mór na saintréithe orgánaileipteacha a bheith sa mhil, a mhéid a bhaineann leis an dea-bholadh agus leis an mblas, a bhaineann go sonrach leis an mbláth as a dtagann sí.

Mil aonbhlátha maróis:

— Cuma: an-ghlan. 35-35 mm Pfund ar a mhéad

— Dea-bholadh: déine íseal, meánfhad, bláthach lena mbaineann bolaithe camfair agus céarach nua. Tagann méadú ar na dea-bholaithe ais-sróine, tagann bolaithe torthaíocha chun cinn má bhíonn pailin almóinne inti agus tagann bolaithe plúir chun cinn má bhíonn sí lán le pailin ón fhine na léagúm.

— Blas: milis, gan aon bhlas eile de ghnáth. Bíonn blasanna aigéadacha agus mothú olach sa bhéal i gceist léi uaireanta má bhíonn sí lán le pailin lusa nathrach.

Mil aonbhlátha labhandair:

— Cuma: idir bán agus ómra, beagán dorcha uaireanta má bíonn drúchtín meala inti.

— Dea-bholadh: dea-bholadh bláthach lena mbaineann blasanna soiléire labhandair, thar a bheith dian agus an-fhadmharthanach; lena mbaineann blasanna feanólacha.

— Blas: blas milis lena mbaineann blasanna aigéadacha. Má bhíonn an mhil dorcha mar gheall ar dhrúchtín meala a bheith inti, d'fhéadfadh blasanna beagán goirt a bheith i gceist. Tagann méadú suntasach ar na dea-bholaithe ais-sróine.

Mil ilbhláthanna:

— Cuma: idir ómra éadrom agus ómra dorcha.

— Dea-bholadh: dea-bholadh bláthach lena mbaineann blasanna feanólacha de neart agus d'fhad éagsúil, a mhéadaíonn go hais-srónach.

— Blas: blas milis lena mbaineann blasanna aigéadacha.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is beacha a dhéanann an mhil as an bhflóra áitiúil.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór do na beacha an mhil a tháirgeadh laistigh den limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór córais a bheith i bhfeidhm ag an bpacálaí chun a áirithiú go ndéantar mil a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Miel de La Alcarria' uirthi a phacáistiú ar leithligh ó aon mhil eile a d'fhéadfadh sé a phacáistiú.

Ní mór séala heirméiteach a bheith ar an gcoimeádán.

Ní mór raimhre leachtach, thiubh nó chriostalaithe a bheith ag an mil phacáistithe.

Ní mór an coimeádán a bheith déanta as gloine thrédhearcach.

Níor cheart coimeádáin a athúsáid.

Ag brath ar an margadh deiridh agus ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm, féadfaidh an phacáistíocht a bheith mar a leanas:

— I gcás mhargadh na meala boird, ní mór an phacáistíocht a bheith déanta as gloine thrédhearcach de ghlanmhéid 1 kg ar a mhéad.

— Nuair a dhíoltar an mhil i sciartha beaga le haghaidh an tionscail fáilteachais, ní mór an phacáistíocht a bheith déanta as gloine thrédhearcach nó a bheith ina spuaicphacáiste nó ina saicín de ghlanmhéid 50 g ar a mhéad.

— Nuair a dhíoltar an mhil i gcainníochtaí móra le haghaidh lónadóireachta, féadfar an phacáistíocht a bheith déanta as aon phlaisteach nó miotal de ghrád bia a bhfuil bratú de ghrád bia air, de ghlanmhéid idir 10 kg agus 25 kg ar a mhéad.

Ní mór an pacáistiú a bheith déanta sa limistéar táirgeachta, toisc go dtagann meath ar airíonna fisiciceimiceacha (cion taise agus cion hiodrocsaimeitiolfúrfúrail) na meala (tagann méadú ar na luachanna) má iompraítear an mhil i mbulc, má aistrítear í nó má chaithfear fanacht lena pacáistiú, agus mar sin, chun saintréithe sonracha an táirge a choinneáil ar bun, ní mór í a phacáistiú sa limistéar táirgeachta.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór mil atá le cur ar an margadh leis an ainmniúchán tionscnaimh 'Miel de La Alcarria' agus a chomhlíonann, tráth an phacáistithe, ceanglais na sonraíochta táirge a shainaithint trí bhíthin lipéad uimhrithe arna eisiúint ag Bord Rialála an ainmniúcháin tionscnaimh 'Miel de La Alcarria' agus arna sheiceáil ag an gComhlacht Cigireachta; ní mór séala ráthaíochta agus lipéad tráchtála a bheith uirthi freisin ar mbíonn an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

— na focail seo a leanas in áit fheiceálach: 'Denominación de Origen Miel de La Alcarria' (Ainmniúchán Tionscnaimh Miel de La Alcarria) nó 'Denominación de Origen Protegida Miel de La Alcarria' (Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint Miel de La Alcarria).

— an cineál meala bunaithe ar a tionscnamh luibheolaíoch: mil maróis, labhandair nó ilbhláthanna.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach suite i lár mhórthír na Spáinne agus cumhdaíonn sé bardais éagsúla i gceantar Agraria de La Alcarria i gcúigí Cuenca agus Guadalajara.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá cáilíocht Miel de La Alcarria aitheanta ó bhí an 17ú haois ann. In 1893, foilsíodh an tréimhseachán 'El Colmenero Español' [Beachaire na Spáinne]. Bhí sé dírithe go heisiach ar bheacha a choinneáil agus clúdaíodh ábhair éagsúla a bhaineann leis an mbeachaireacht, amhail 'Staid na beachaireachta sa Spáinn', 'Coirceoga beach soghluaiste', 'An bheach agus a cuspóir', 'Féilire an bheachaire', 'An chéad chumann beachaireachta Spáinneach agus a reachtanna', 'Praghas na meala', etc.

In 1985, chuir an tIonad Réigiúnach Beachaireachta sa Chaistíl-La Mancha tús leis na chéad staidéir chun saintréithe Miel de La Alcarria a shainaithint agus a thionscnamh geografach a chinneadh.

Ó bhí 1987 ann, tá iris dar teideal 'Cuadernos de Apicultura' [Leabhair Nótaí ar an mBeachaireacht] foilsithe ag an ionad ina bhfuil gnéithe éagsúla a bhaineann le cáilíocht na meala agus le forbairt na beachaireachta sa cheantar.

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Is ardchlár ard é ceantar La Alcarria ag airde idir 900 agus 1 000 méadar, trasnaithe ag sruthanna a ghluaiseann go mall a chruthaigh machairí agus altáin atá clúdaithe le plandaí aramatacha agus le mothar. Tá na machairí idir 700 agus 800 méadar os cionn leibhéal na farraige. Is é machaire Abhainn Tajuña an ceann is mó, a roinneann an ceantar ina dhá chuid.

Is ithir bhunúsach, mharlach agus ghipsim í ithir La Alcarria. Tá an flóra fiáin comhdhéanta de a lán plandaí ón bhfine *Labiatae* amhail marós (*Rosmarinus officinalis* L.), tím (*Thymus* ssp.), labhandar (*Lavandula latifolia* Medicus), sáibhre (*Satureja* ssp.), íosóip íceach (*Hissopus officinalis* L.), oragán cumhra (*Thymus mastichina* L. fospeiceas *mastichina*) agus plandaí eile amhail lus na stalóg coiteann (*Arctostalos uva-ursi* L. Sprengel) agus aiteann coiteann (*Genista scorpius* L.), etc. Déantar uainíocht idir barra gráin agus barra lus na gréine ar thalamh arúil an cheantair. Tá cion de bharra adhmadacha ann, arb iad crainn almóinní, crainn piostáisí, fíniúnacha agus crainn ológ na príomhchinn. Tá barra luibhe aramatacha agus cócaireachta ann freisin, go príomha labhaindin (*Lavandula hybrida* Rev.) agus labhandar (*Lavandula officinalis*), agus barra torthaí, arb iad crainn almóinní (*Prunus dulcis*) an príomhcheann. Tá líon níos mó speiceas crann le fáil ann agus tá foraoisí darach, darach toilm, péine agus aitil sabhna tábhachtach don bheachaireacht.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Tá saintréithe sonracha sa mhil ón limistéar sin, mar a leagtar amach sa roinn maidir leis an tuairisc ar an táirge, a nascann í lena timpeallacht nádúrtha.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás TGFC)*

Tá saintréithe sonracha sa mhil ón limistéar sin, mar a leagtar amach sa roinn maidir leis an tuairisc ar an táirge, a nascann í lena timpeallacht nádúrtha. D'fhéadfadh sé nach leor na saintréithe sin mar chruthúnas tionscnaimh, toisc nach bhfuil ach tomhaltóirí áitiúla nó tomhaltóirí rialta in ann an mhil a shainaithint agus fios a bheith acu cá as a dtagann sí. Dá bhrí sin, ní mór an tionscnamh a dheimhniú.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://rec.castillalamancha.es/rec/public/documentacion/listadoDocs.faces#no-back-button